

-
- | | |
|---|---|
| 1. Cad a rinne tú an tseachtain seo?
<i>Bhí mé ag ...</i>
<i>Chuaigh mé go (dtí an) ...</i>
<i>Chonaic mé ...</i>
<i>D'ith mé ...</i> | What did you do this week?
<i>I was at ...</i>
<i>I went to (the) ...</i>
<i>I saw ...</i>
<i>I ate ...</i> |
| 2. An bhfaca tú dráma ar an stáitse riamh? Ar thaitin sé leat? | Did you ever see a play on stage? Did you like it? |
| 3. An bhfaca tú nó ar léamh tú dráma scríofa ag Éireannach? | Did you see or did you read a play written by an Irish person? |
| 4. Ar glac tú féin páirt i ndráma ar stáitse, nuair a bhí tú ar scoil nó ina dhaidh sin? | Did you take part in a stage play, when you were in school or afterwards? |

Rothaí an tSaoil **Bríd Ní Neachtain**

Wheels of Life

1. Le na *bliantaí* (blianta) is iomaí duine ón tuath a thug an baile acu féin go dtí an ard-chathair ag lorg oibre. For years there are many people from the countryside who gave up their own home for the capital looking for work.
2. Agus tá mise ag dul ag *casta* (casadh) le bean as Conamara a bhfuil níos mó *bliantaí* caite aici anseo i mBaile Átha Cliath ná mar a chaith sí sa mbaile. And I am going to go meet a woman from Connemara who has spent more years here in Dublin than she spent at home.
3. Aisteoir scáileáin agus bean a thug faoi stáitsí beaga na Gaeltachta agus stáitsí móra an domhain. A screen actor and a woman who undertook the small stages of the Gaeltacht and the big stages of the world.
4. Ó ‘Dancing at Lughnasa’ go ‘Cré na Cille’ agus ‘Banshees of Inis Erin’, tha Bríd Ní Neachtain ar dhuine de na haisteoirí is clúití dá bhfuil againn. From ‘Dancing at Lughnasa’ to ‘Cré na Cille’ (graveyard clay), Bríd Ní Neachtain is one of the most famous actresses that we have.
5. Fáilte isteach.
Deas casadh leat.
Isteach leat.
Go raibh míle maith agat. Welcome in.
Nice to meet you.
Come in.
Thanks a lot.
6. Ag dul ar ais go dtí an tús, nuair a bhí tú ag fás aníos i do ghasúr beag, i Ros Muc, cé a bhí sa bhaile nó cá háit go díreach ar as tusa nuair a bhí tusa beag. Going back to the beginning, when you were growing up into a small child, in Rosmuc, who was at home or exactly where you from when you were little.
7. Is mise an duine is óige den chlann, agus tá seacht mbliana idir mé féin is mo dheirfiúr. I am the youngest in the family, and there are seven years between myself and my sister.
8. Agus bhí an chuid eile *acub* (acu) deirfeá, bhí Pádraig, Hilary agus Máirín taobh istigh de bhliain ó chéile. And the rest of them, you would say, there was Pádraig, Hilary and Máirín within a year of each other.
9. Agus ansin, bhain siad seacht mbliana. So, bhí mise ar an duine is óige den chlann. And then, they took seven years. So, I was the youngest of the family.

10. An raibh tusa i do pheata acu, nó an raibh siad ... Is *dóichí* (dócha) go raibh, ar bhealach. Were you their pet, or were they ... I suppose I was, in a way.
11. Is cuimhin liom mo dheirfiúir a rá le gairid, bhí sí a rá, mar rugadh san ospidéal mé. I remember my sister saying recently, she said, because I was born in the hospital.
12. Rugadh an chuid eile *acub*, cuid *acub sa mbaile* (sa bhaile). The rest of them were born, some of them, at home.
13. Agus bhí siad a rá nuair a tháinig tú abhaile ón ospidéal, chuir siad timpeall ort, ag breathnú ar an bpáistín beag. And they were saying when you came home from the hospital, they set around you, looking at the little baby.
14. Nuair a thosaigh tú amach ag aisteoireacht b'í sin sa bhunscoil nó sa mheánscoil. When you started out acting that was in primary school or secondary school.
15. Cad é faoi a thaitin leat. Cad é a mheall tú? What about it pleased you? What enticed you?
16. Tá draíocht *éicint* (éigin) ag baint léi. Ní féidir liom mo mhéar a leagan air, ach tá draíocht ag baint le bheith ar stáitse. There is some magic related to it. I can't put my finger on it, but there's magic associated with being on stage.
17. Ní thuigim ... níor thuig mé sin nuair a bhí mé níos óige. Ach, *just*, gur thaitin sé liom. I don't understand ... I didn't understand that when I was younger. But, just, that I enjoyed it.
18. Agus *seod* (seo) an rud atá mé ag iarraidh a dhéanamh. And this is the thing I'm trying to do.
19. Ní raibh aon suim agam a bheith ag an ollscoil ag ann am. Anois, chuaigh mé ar ais ag an ollscoil níos déanaí. I didn't have any interest in being at the university at the time. Now, I went back to the university later.
20. Ach, tá draíocht *éicint* ag baint leis a thaitin liom. Bet there is some magic tied to it that, which pleased me.
21. Nuair a d'fhág tú an mheánscoil, an raibh tú ag súil le, b'fhéidir, dul isteach go Gaillimh nó Baile Átha Cliath? When you left secondary school, were you hoping, perhaps, to go in to Galway or Dublin?

22. An raibh plean cineál déanta amach agat féin, nó ag do mhuintir duit ag an am sin? Did you have a plan of some kind made out yourself, or did your family for you, at the time.
23. Ní raibh plean, ní raibh plean agam ariamh, dáiríre. Níl an plean agam fós. Dóigh dheas. There wasn't a plan, I never had a plan, really. I still don't have the plan. A nice way.
24. Ní raibh siad ag cur aon bhrú orm seo, siúd agus eile a dhéanamh. They weren't putting any pressure on me to do this, that or the other thing.
25. Ní raibh siad ag cur aon bhrú orm le mo mhúinteoireacht nó dul ag an ollscoil nó rud mar sin. They weren't putting any pressure on me with my teaching or going to the university or anything like that.
26. Thuig mé ag an am sin gur thaitin an t-aisteoireacht liom. Agus d'fhág siad mé chun an bóithrín sin a *leanacht* (leanúint). I understood at that time that I enjoyed acting. And they left me to pursue that road.
27. Agus bhí mé, is dócha, 16 (sé bliana déag), nó 17 (seacht mbliana déag). And I was sixteen years old or seventeen years old.
28. Agus scríobh mé chuig Tomás Mac Anna a bhí ina stiúirtheoir in Amharclann na Mainistreach ag an am. And I wrote to Tomás Mac Anna who was director in the Abbey Theater at the time.
29. Agus dúirt mé leis: “cailín óg, Ros Muc, tá meas agam ar Amharclann na Mainistreach”, agus seo, siúd agus eile.” And I said to him, “a young girl, Rosmuc, I have respect for the Abbey Theater,” and this, that and the other thing.
30. Agus chuir sé litir ar ais agus dúirt sé *thíocht* (teacht) aníos faoi cheann seachtaine. And he sent a letter back asking if I could come up in a week.

Ceisteanna

Questions

- | | |
|--|--|
| 1. Cén áit as a bhfuil Bríd Ní Neachtain? | Where is Bríd Ní Neachtain from? |
| 2. Cá bhfuil Bríd ina cónaí? | Where does Bríd live? |
| 3. Cén obair atá ag Bríd? | What work does Bríd have? |
| 4. Cé mhéad páiste a bhí sa chlann nuair a bhí Bríd óg? | How many kids were in the family when Bríd was young? |
| 5. An í Bríd an duine is sine nó an duine is óige sa chlann? | Is Bríd the oldest or the youngest in the family. |
| 6. Cár rugadh Bríd? Ar rugadh sa bhaile í? | Where was Bríd born? Was she born at home? |
| 7. Cén rud a thaitin le Bríd nuair a bhí sí óg? | What did Bríd like when she was young? |
| 8. An raibh plean faoi leith ag Bríd agus í ag fágáil na meánscoile? | Did Bríd have a special plan when she left secondary school? |
| 9. Cé chuige ar scríobh sí litir? | Who did she write a letter to? |
| 10. Cad a dúirt an litir a fuair sí air ais? | What did the letter she got back say? |